AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.4.2020
COM(2020) 159 final

2020/0064 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hábhair áirithe riaracháin agus foirne agus le bunú rialacha airgeadais le haghaidh an Chomhphobail Iompair

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach, coiste a bunaíodh faoin gConradh um Chomhphobal Iompair, i ndáil le cinneadh, a bhfuil sé beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach é a ghlacadh, maidir leis an taisteal, le haisíoc speansas, agus leis na rialacha agus nósanna imeachta airgeadais is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1 An Conradh um Chomhphobal Iompair

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chonradh um Chomhphobal Iompair, conradh a bhí á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó 2017 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019[1].

2.2 An Coiste Stiúrtha Réigiúnach

Bunaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le hAirteagal 24 den Chonradh um Chomhphobal Iompair agus tá sé freagrach as an gConradh sin a riar agus as a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí é. Chun na críche sin, déanann sé moltaí agus cinntí sna cásanna sin dá bhforáiltear sa Chonradh um Chomhphobal Iompair. Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta,

(b) déanann sé cinntí maidir le coistí teicniúla a bhunú,

(c) déanann sé moltaí agus cinntí i gcomhréir leis an gConradh um Chomhphobal Iompair,

(d) maidir le gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais, déanann sé beart de réir mar is iomchuí, go háirithe trí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh um Chomhphobal Iompair a athbhreithniú,

(e) ceapann sé Stiúrthóir na Buanrúnaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Aireachta,

(f) féadfaidh sé Leas-Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh ar an mBuanrúnaíocht,

(g) leagann sé síos rialacha na Buanrúnaíochta,

(h) féadfaidh sé, trí bhíthin cinneadh, leibhéal na ranníocaíochtaí buiséid a athbhreithniú,

(i) glacann sé buiséad bliantúil an Chomhphobail Iompair,

(j) glacann sé an cinneadh lena sonraítear an nós imeachta le haghaidh an buiséad a chur chun feidhme, cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh agus cigireacht a dhéanamh,

(k) déanann sé cinntí faoi dhíospóidí a chuireann na Páirtithe Conarthacha ina láthair,

[1] CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE (AE) 2019/392 an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha um Chomhphobal Iompair

(l) glacann sé prionsabail ghinearálta sa réimse a bhaineann le rochtain a fháil ar dhoiciméid, i ndáil le doiciméid atá i seilbh comhlachtaí a bunaíodh leis an gConradh um Chomhphobal Iompair nó a bunaíodh faoin gConradh sin,

(m) glacann sé tuarascálacha bliantúla a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta, maidir le cur chun feidhme an Ghréasáin Chuimsithigh,

(n) i leith gníomhartha áirithe de chuid an Aontais, bunaíonn sé teorainneacha ama agus bealaí i dtaca le trasuí na ngníomhartha sin ag Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

2.3 Na gníomhartha atá beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach

Tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair le cinntí a ghlacadh maidir leis na rialacha taistil a bhaineann le foireann an Chomhphobail Iompair, maidir leis na rialacha maidir le haisíoc speansas arna dtabhú ag saineolaithe seachtracha a fhaigheann cuireadh freastal ar chruinnithe an Chomhphobail Iompair, agus maidir leis an nós imeachta um chur chun feidhme bhuiséad an Chomhphobail Iompair agus um thíolacadh agus iniúchadh cuntas.

Na cinntí atá beartaithe, beidh siad ceangailteach ó thaobh dlí de ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 25(1) den Chonradh um Chomhphobal Iompair.

An Buiséad agus Rialacha Airgeadais

Go dtí go gceapfar Stiúrthóir Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, beidh an buiséad faoi bhainistiú díreach an Choimisiúin Eorpaigh, mar a shainordaítear ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach[2], agus i gcomhréir leis na Rialacha Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

Le glacadh rialacha airgeadais inmheánacha, beidh sé ar chumas Stiúrthóir na Buanrúnaíochta, a luaithe a cheapfar é, buiséad an Chomhphobail Iompair a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 36 den Chonradh um Chomhphobal Iompair.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Chun an Conradh um Chomhphobal Iompair a chur chun feidhme agus le haghaidh neamhspleáchas iomlán airgeadais na Buanrúnaíochta, is gá go nglacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach na cinntí sin. Mar gur páirtí sa Chonradh um Chomhphobal Iompair é an tAontas, is gá seasamh ón Aontas a bhunú.

4. BUNÚS DLÍ

4.1 Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1 Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena leagtar síos "*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*".

---

[2] Cinneadh Uimh. 2019/1 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu sin, freisin, ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach acu faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

4.1.2 An cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Conradh um Chomhphobal Iompair, é an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu na gníomhartha atáthar ag iarraidh ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach a ghlacadh. I gcomhréir le hAirteagal 30 den Chonradh um Chomhphobal Iompair, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha na Buanrúnaíochta a leagan síos, go háirithe le haghaidh dálaí oibre fhoireann na Rúnaíochta. Faoi Airteagal 35 den Chonradh um Chomhphobal Iompair, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta um chur chun feidhme an bhuiséid, um thíolacadh agus iniúchadh na gcuntas agus um chigireacht. De thoradh a gcineáil, agus mar ábhar dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach, tá eilimintí sna rialacha sin a dhéanann difear do sheasamh dlíthiúil na bpáirtithe sa Chonradh um Chomhphobal Iompair agus, dá bhrí sin, do sheasamh dlíthiúil an Aontais freisin. Dá bharr sin, ní mór a mheas gur rialacha iad a bhfuil éifeachtaí dlí acu.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chonartha um Chomhphobal Iompair a fhorlíonadh ná a leasú leis na gníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.2 Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

I dtaca leis an mbunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe agus a nglactar seasamh ina leith thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a aithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt, agus nach bhfuil san aidhm nó sa chomhpháirt eile ach fo-aidhm nó fo-chomhpháirt, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon ar an mbunús dlí nach foláir a bheith leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. An cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Na gníomhartha atá beartaithe, tá siad riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an Conradh um Chomhphobal Iompair mar is cuí. Dá réir sin, leis an gConradh um Chomhphobal Iompair, saothraítear cuspóirí i réimsí an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre, ar modhanna iompair iad a chumhdaítear le hAirteagal 91 CFAE, agus freisin i réimse an iompair de mhuir, modh iompair a chumhdaítear le hAirteagal 100(2) CFAE, agus tá comhpháirteanna den Chonradh maidir leis na réimsí sin. Ó tá gné chothrománach ar an ngníomh atá beartaithe, baineann an gníomh sin leis na nithe sin go léir.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atáthar a mholadh: Airteagail 91 agus 100(2)(d) CFAE.

[3] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, "An Ghearmáin v an Chomhairle", Cás C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

4.3 Conclúid

Is iad Airteagail 91 agus 100(2) CFAE, i dteannta Airteagal 218(9) CFAE, ba cheart a bheith mar bhunús dlí le haghaidh an chinnidh atáthar a mholadh.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

I gcomhréir le hAirteagal 25(2) den Chonradh um Chomhphobal Iompair, foilseofar na cinntí ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2020/0064 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hábhair áirithe riaracháin agus foirne agus le bunú rialacha airgeadais le haghaidh an Chomhphobail Iompair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle (AE) 2017/1937, shínigh an tAontas Eorpach an Conradh um Chomhphobal Iompair [4]. Formheasadh é thar ceann an Aontais Eorpaigh an 4 Márta 2019[5] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagail 30 agus 35 den Chonradh um Chomhphobal Iompair, féadfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha a ghlacadh maidir le dálaí oibre fhoireann Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus maidir le cur chur feidhme an bhuiséid agus le tíolacadh agus iniúchadh na gcuntas.

(3) Tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair (‘‘An Coiste Stiúrtha’’) le cinntí a ghlacadh maidir leis na rialacha taistil a bhaineann le foireann an Chomhphobail Iompair, maidir leis na rialacha maidir le haisíoc speansas arna dtabhú ag saineolaithe seachtracha a fhaigheann cuireadh freastal ar chruinnithe an Chomhphobail Iompair, agus maidir leis an nós imeachta um chur chun feidhme bhuiséad an Chomhphobail Iompair agus um thíolacadh agus iniúchadh cuntas.

(4) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha, óir tá na cinntí sin riachtanach do dhea-fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus beidh éifeachtaí dlíthiúla acu i leith an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha an Chomhphobail Iompair, is é a bheidh ann tacú le glacadh na gcinntí maidir leis na rialacha taistil a bhaineann le foireann an Chomhphobail Iompair, maidir leis na rialacha maidir le haisíoc na gcostas a

[4] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2017/1937 an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha um Chomhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

[5] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/392 an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha um Chomhphobal Iompair.

thabhaíonn saineolaithe seachtracha a fhaigheann cuireadh freastal ar chruinnithe an Chomhphobail Iompair, agus maidir leis an nós imeachta um chur chun feidhme bhuiséad an Chomhphobail Iompair agus um thíolacadh agus iniúchadh cuntas. Beidh sé bunaithe ar dhréachtchinntí an Choiste Stiúrtha atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán